2022. M97T 2022L223A1IL

Coimisiún na Scrúduithe Stáit

Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2022

# Oideachas Reiligiúnach

Ardleibhéal

Dé hAoine 24 Meitheamh Tráthnóna 2:00 – 4:30

Líon Iomlán na Marcanna 240

Treoracha Ginearálta d'Iarrthóirí

Caithfidh iarrthóirí iad seo a leanas a fhreagairt —

- Ceist **amháin** as Aonad a hAon
- Roinn **amháin** as Aonad a Dó
- Roinn **amháin** as Aonad a Trí

Ná tabhair an ceistpháipéar seo ar ais.

Ní chuirfear ar ais chuig Coimisiún na Scrúduithe Stáit é.

Rinneadh coigeartuithe ar scrúdpháipéir 2022 d'fhonn aon chur isteach ar an bhfoghlaim a tharla de bharr COVID-19 a chúiteamh. D'fhéadfadh sé nach bhfuil an struchtúr agus an leagan amach céanna ar an scrúdpháipéar seo is a bhí ar scrúdpháipéir i mblianta eile roimhe nó ina dhiaidh seo.

## Aonad a hAon

Ní mór duit cuid (a) agus cuid (b) a fhreagairt as ceann **amháin** den dá cheist seo a leanas.

(Tá 80 marc ag gabháil le gach ceist)

**Roinn A** **Cuardach Brí agus Luachanna** **(80 marc)**

**Ceist 1**

**(a)** Tabhair breac-chuntas ar an gcaoi a ndearna **dhá** mhiotas ó chultúir ársa iarracht buncheisteanna faoi bhrí na beatha a fhreagairt. (40)




**(b)** Cuir i gcomparáid an chaoi a ndéantar buncheist faoin mbeatha a láimhseáil i miotas ársa, agus an chaoi a bhfreagraítear í ó thaobh na heolaíochta de sa lá atá inniu ann. (40)



**Ceist 2**

**(a)** ● An Búdachas ● An Chríostaíocht ● An Hiondúchas ● Ioslam ● An Giúdachas

Mínigh conas a imríonn an tuiscint ar Dhia/na déithe/an tarchéimnitheach in **dhá** cheann de na reiligiúin thuas tionchar ar an gcaoi a mbaineann a gcuid ball tátal as téacsanna diaga na laethanta seo. (40)



**(b)** Samhlaigh go raibh deis agat labhairt le hAinseilm agus le hAcain (Aquinas) maidir lena dtuiscint ar Dhia.




Tabhair breac-chuntas ar cad a déarfadh **gach** duine den bheirt, dar leat, maidir le conas is féidir le creidiúint go bhfuil Dia ann cabhrú le duine agus é/í ag cuardach bhrí na beatha sa lá atá inniu ann. (40)

## Aonad a Dó

Caithfidh tú dhá cheann ar bith de chodanna: (a), (b), (c) as ceann **amháin** de na trí roinn a leanas a fhreagairt. (Tá 80 marc ag gabháil le gach roinn)

### Roinn B An Chríostaíocht: Bunús agus Cur in Iúl Comhaimseartha (80 marc)

**(a)** Tabhair breac-chuntas ar an gcaoi a raibh tionchar ag riail na Róimhe sa Phalaistín ar **gach** ceann díobh seo thíos i rith shaol Íosa Nazórach:

- An Córas Polaitíochta
- An Córas Reiligiúnach (40)

**(b)** Cuir síos ar conas a léirigh focail agus gníomhartha Íosa Nazórach feasacht ar a raibh i gceist le **dhá** cheann de na hionchais thíos ag na Giúdaigh leis an Meisias:

- Dáivíoch
- Sagartúil
- Fáidhiúil (40)

**(c)** **(i)** Déan cur síos ar **dhá** shampla dá bhfuil bainte amach san iarracht ar son na haontachta idir Eaglaisí Críostaí sa lá atá inniu ann. (40)

**nó**

**(ii)** Próifíligh conas a chuimhnítear ar fhocail agus ar ghníomhartha Íosa Nazórach in **dhá** shearmanas atá mar chuid den adhradh Críostaí sa lá atá inniu ann. (40)

### Roinn C Reiligiúin Dhomhanda (80 marc)

**(a)** Scrúdaigh an chaoi ar féidir an gaol idir na gnéithe 'naofa' agus 'saolta' den saol a chur in iúl leis an ról a imríonn daoine aonair laistigh de reiligiún. (40)

**(b)** Cuir i gcomparáid an tslí a bhfuil struchtúr agus eagar ar phobal creidmheach i reiligiún **amháin** as Liosta A agus i reiligiún **amháin** as Liosta B thíos:

Liosta A:
- An Chríostaíocht
- An Giúdachas

Liosta B:
- An Búdachas
- An Hiondúchas
- Ioslam (40)

**(c)** Tabhair breac-chuntas ar bhunús an ghaoil idir an Chríostaíocht agus an Giúdachas faoi **gach** ceann de na ceannteidil seo:

- Fís an tSlánaithe
- Traidisiún Ceiliúrtha (40)

### Roinn D Cinneadh Morálta a Dhéanamh (80 marc)

**(a)** 'Tá an mhoráltacht fréamhaithe chomh domhain sin inár ngnáthshaol gur deacair sochaí a shamhlú gan aon rialacha morálta.'

Scrúdaigh an fhianaise leis an ráiteas seo agus déan tagairt do **dhá** shampla den chaoi ar féidir an mhoráltacht a fheiceáil mar ghné dhaonna nádúrtha i saol daoine inniu. (40)

**(b)** Breac achoimre ar a bhfuil i gceist in **dhá** chéim den fhorbairt phearsanta mhorálta atá curtha chun cinn ag teoiricí morálta amháin a bhfuil staidéar déanta agat air/uirthi. (40)

**(c)** Rianaigh an chaoi ar féidir an tionchar atá ag an gConradh agus ag na Deich nAitheanta a fheiceáil in **dhá** shampla de sheanmóireacht Íosa Nazórach. (40)

## Aonad a Trí

Caithfidh tú cuid (a) nó cuid (b) a fhreagairt as ceann **amháin** de na ceithre roinn seo a leanas.

(Tá 80 marc ag gabháil le gach roinn)

**Roinn F** **Saincheisteanna Córa agus Síochána** **(80 marc)**

**(a)** **(i)** Chuir Mahatma Gandhi stíl mhaireachtála neamhfhoréigneach chun cinn i rith a shaoil, agus d'úsáid sé neamhfhoréigean mar chineál agóide i gcúinsí coimhlinte.

Déan cur síos ar a raibh i gceist le sampla **eile** den chaoi ar cothaíodh síocháin i gcás coimhlinte a ndearna tú staidéar air. (40)

**(ii)**
- Conair na nOcht Rian den Bhúdachas
- Fís na Córa Giúd-Chríostaí
- Ceithre Varna an Hiondúchais
- Zakat Ioslam



Mínigh conas a d'fhéadfadh **dhá** cheann de na teagaisc reiligiúnacha thuas tionchar a imirt ar chreidmhigh oibriú ar mhaithe le cóir agus síocháin i saol an lae inniu. (40)

**nó**

**(b)** **(i)** Breac achoimre ar bhunphrionsabail theoiric an 'Cogadh Cóir' agus mínigh conas a d'fhéadfaidís baint le cás coimhlinte **amháin** a ndearna tú staidéar air. (40)



**(ii)** Ainmnigh tráchtaire **amháin** ar chúrsaí reiligiúin agus comhshaoil (timpeallachta) agus breac achoimre ar conas a tugadh aird ar shaincheist chomhshaoil de bharr a s(h)aoil agus a t(h)uairimí. (40)

**Roinn G** **Adhradh, Urnaí agus Deasghnáth** **(80 marc)**

**(a)** **(i)**
- Reiligiúnach
- Tuata

Scrúdaigh an tábhacht a bhaineann le **gach** ceann de na cineálacha deasghnátha seo dóibh siúd a ghlacann páirt iontu, agus úsáid samplaí ó shochaí an lae inniu. (40)

**(ii)** Cuir síos ar shamplaí d'eispéiris mhistiúla a bhain do **bheirt** mhisteach le linn dóibh a bheith beo agus a bhfuil baint acu le haon cheann de na reiligiúin seo:

- An Búdachas
- An Chríostaíocht
- An Hiondúchas
- Ioslam
- An Giúdachas

(40)

**nó**

**(b)**
- Mantra
- Téacs Diaga

Scrúdaigh an chaoi a raibh **gach** ceann acu seo thuas bainteach den chéad uair le cleachtas machnaimh mar chineál urnaí agus cuir síos ar shamplaí den chaoi a n-úsáidtear iad in urnaí mhachnamhach sa lá atá inniu ann. (80)



**Roinn I** **Reiligiún: Eispéireas na hÉireann** **(80 marc)**

**(a)** **(i)** Mínigh conas a d'fhéadfadh creideamh nó cleachtas reiligiúnach Réamh-Chríostaí a bheith bainteach le láithreán seandálaíochta in Éirinn. (40)

**(ii)** Cuir síos ar **dhá** shampla den chaoi ar féidir cleachtais reiligiúnacha, atá le fáil in Éirinn sa lá atá inniu ann, a rianú siar go dtí an ré Réamh-Chríostaí. (40)

**nó**

**(b)** **(i)** Ainmnigh gluaiseacht reiligiúnach nua in Éirinn agus cuir síos ar a príomhthréithe. Bíodh tagairt agat do **dhá** cheann acu seo a leanas:

- Creidiúintí Lárnacha
- Cineálacha Adhartha
- Cóid Mhorálta

(40)

**(ii)** Breac achoimre ar **dhá** threocht is féidir a fheiceáil i bpatrún na creidiúna agus an chleachtais reiligiúnaigh in Éirinn le blianta beaga anuas. (40)



**Roinn J** **Reiligiún agus Eolaíocht** **(80 marc)**

**(a)** **(i)** Cuir i gcomparáid an tuiscint ar chruthú an domhain/an domhan nádúrtha atá le fáil i dteagasc **dhá** cheann de na reiligiúin seo a leanas:

- An Búdachas
- An Chríostaíocht
- An Hiondúchas
- Ioslam
- An Giúdachas

(40)


**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar an gcaoi ar fhreagair ceann **amháin** de na reiligiúin thíos do na smaointe a chuir Charles Darwin chun cinn maidir le cúrsaí éabhlóide.

- An Búdachas
- An Chríostaíocht
- An Hiondúchas
- Ioslam
- An Giúdachas

(40)

**nó**

**(b)** Pléigh na himpleachtaí atá ag **dhá** íomhá éagsúla de Dhia maidir leis an ngaol idir reiligiún agus eolaíocht. (80)



Níl aon ábhar scrúdaithe ar an leathanach seo

**Admhálacha**

**Íomhánna**

Íomhánna ar leathanach 2: An chéad phictiúr: https://www.spreadshirt.ie/shop/design/question+mark+sticker-D5c8a93f62225090d702855f0?sellable=2LGG0kY0Qlu0E9lVwX4g-1459-215
An dara pictiúr: https://www.shutterstock.com/image-illustration/3d-people-man-person-talking-arguing-145304311
An tríú pictiúr: https://www.istockphoto.com/illustrations/virtuous

Íomhánna ar leathanach 4: An chéad phictiúr: https://www quotesgram.com/quotes-about-peace-and-justice/
An dara pictiúr: https://www.clipartkey.com/view/iiiTxxJ_environment-clipart-school-environment-environmental-science-logo/
An tríú pictiúr: https://www.istockphoto.com/illustrations/praying-hands

Íomhánna ar leathanach 5: An chéad phictiúr: https://www rpubs.com/PsycheShaman/ReligiousTextAnalysis
An dara pictiúr: Arna oiriúint ó https://www.religiousnaturalism.org

**Téacsanna**

Téacs ar leathanach 3: Oiriúnaithe ó 'Our Brains are Wired for Morality: Evolution, Development, and Neuroscience' le Jean Decety and Jason M. Cowell;
https://www.kids.frontiersin.org/articles/10.3389/frym.2016.00003

Ná tabhair an ceistpháipéar seo ar ais.
Ní chuirfear ar ais chuig Coimisiún na Scrúduithe Stáit é.

**Fógra Cóipchirt**
D'fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt ina leith, agus d'fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad, chun críche measúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir *Alt 53(5) den Acht Um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, 2000.* Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríoch ach amháin chun na críche dá bhfuil sé beartaithe. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh nó úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Ardteistiméireacht – Ardleibhéal

# Oideachas Reiligiúnach

Dé hAoine 24 Meitheamh
Tráthnóna 2:00 – 4:30